Thug an Chomhairle Ealaón tús áite sa tréimhse 2008-2009 do thrí réimse rannpháirtíochta sna healaíona: na healaíona agus sláinte, na healaíona agus míchumas agus éagsúlacht cultúrtha.

Maidir leis na healaíona agus sláinte, cheap an Chomhairle comhairleoir ar feadh tréimhse trí bliana le cabhrú chun beartas a fhorbairt i gcomhair an réimse seo. Bunaíodh grúpa oibre agus d'fhreastail breis agus 140 ealaíontóir, daoine a bhfuil baint acu leis na healaíona agus gairmithe sláinte ar imeachtaí comhairleacha ar fud na tire. Choimisiúnaigh FSS an Deiscirt agus Waterford Healing Arts Trust cód cleachtais i gcomhair ealaíontóirí agus gairmithe cúram sláinte a bhfuil baint acu leis na healaíona rannpháirteachais i gcomhthéacsanna cúram sláinte. Chuir cuibhreannas ar a bhfuil Create, Ospidéil Adelaide agus na Mí, (ag ionchorprú Ospidéil Náisiúnta na Leanaí) agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire cursa forbartha gairmiúil ar fáil d'ealaíontóirí a oibríonn i láithreacha cúram sláinte.

D'oibrigh an Chomhairle Ealaón i ndlúth-chompháirtiocht le Arts and Disability Ireland (ADI). Chuir ADI oilíúint um chothroime míchumais ar fáil don Chomhairle agus dá foireann agus rinneadh tuilleadh forbartha ar a seirbhís reacaireachta agus fortheideal. Lean an Kilkenny Collective for Arts Talent (KCAT) ag soláthar clár comhtháite físealaíon agus drámaíochta agus bhunaigh siad grúpa nua téatair, Equinox.

Maidir leis na healaíona agus éagsúlacht chultúrtha, chuir an Chomhairle tús le tionscadal taighde a bhfuil sé d'aidhm aige cur ar chumas grúpáí mionlaigh eitneacha agus chultúrtha páirt níos iomláine a ghlacadh i saol cultúrtha na hÉireann. Fuair an Chomhairle Ealaón maoiniú ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus d'fhostaigh siad Create chun na céimeanna taighde agus comhairliúcháin a bhainistiú in 2008 agus tuarascáil agus moltaí a chur ar fáil in 2009.

Lean an Chomhairle Ealaón ag tacú le Féile na Bealtaine a ndéanann Age & Opportunity comhordú uirthi. Tionscnamh an-nuáláoch ar fad ab ea Silver Stars in 2008, a rinne iniúchadh ar shaol na bhfeair homaighnéasach scothaosta trí mheán amhrán. Chuir an Chomhairle maoiniú ar fáil do 16 eagraíocht agus thug sé mar shainordú dóibh foireann dámhachtana a úsáid chun deiseanna rochtana agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus comhoibriú a chur chun cinn i measc ealaíontóirí. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar scéimeanna a bhainistítear go seachtrach, mar Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal.

Cultural Contact Point Ireland / Pointe Teaghála Cúltúrtha Éireann

As 2008 was European Year of Intercultural Dialogue, Ireland's Cultural Contact Point (CCP Ireland) worked closely with the National Consultative Committee on Racism and Interculturalism to provide information on transnational cultural initiatives and resources relating to intercultural dialogue.

CCP Ireland, in collaboration with Create, Project Arts Centre and Dance Ireland, hosted the IETM (International Network for Contemporary Performing Arts) Satellite Meeting on Intercultural Dialogue. Guest contributors included Jiva Parthipan and Robin Deacon, both of whom presented artistic work as part of the conference programme.

As part of its role to generate awareness of the European Union's Culture Programme, CCP Ireland gave talks on the EU Agenda for Culture to students in Trinity College Dublin and University College Dublin. It contributed to the Dublin-hosted AGM of the Federation of European Film and Television Directors and to a conference of literary translators organised by Ireland Literature Exchange, as well as distributing information at other relevant conferences. The CCP also participated in Intercultural Ireland, a conference in Brussels organised by Ireland's Permanent Representation to the EU to present intercultural case studies and policy issues within the remit of the Department of Arts, Sport and Tourism.

CCP Ireland continued to distribute news about EU cultural funding, related policies and networks through the Arts Council's monthly e-newsletter. In addition to a telephone and email enquiries service, many meetings were held on EU policy and funding for culture, and on how best to develop transnational cooperation projects. CCP Ireland provided background and policy information to the Irish delegate to the EU Working Group on Mobility. It also contributed to two major European studies on information resources and services relating to artists' and cultural mobility.

An Irish-language version of the promotional brochure on the EU Culture Programme was made available in 2008, as well as the full EU Culture Programme Guide.

Ba í 2008 Bliain Eorpach an Chomhphlé Idirchultúrtha agus d'oibrigh Pointe Teaghála Cultúrtha na hÉireann i ndlúth-chomhpháirtíocht leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas chun faisnéis a sholáthar faoi thionscnaimh agus acmhainní cultúrtha trasnáisiúnta a bhaineann le hidirphlé idirchultúrtha.

D'oibrigh an Pointe Teaghála Cultúrtha i gcomhar le Create, Project Arts Centre agus Damhsa Éireann chun óstáil a dhéanamh ar Cruinníú Sataillte IETM (International Network for Contemporary Performing Arts) faoi idirphlé idirchultúrtha. I measc na ndaoine a bhí rannpháirtíeach bhí Jiva Parthipan agus Robin Deacon agus chuir an bheirt acu saothair ealaíonta ar fáil mar chuid de chlár na comhdhála.

Thug an Pointe Teaghála Cultúrtha cainteanna do mhic léinn i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, faoi chlár an Aontais Eorpach um Chultúr agus rinneadh é sin mar chuid dá ról chun feasacht a spreagadh faoi Chlár Cultúir an AE. Thacaigh sé freisin le cruinníú cinn bhliana Chónaidhm Stiúrthóirí Scannán agus Teilibhise na hEorpa a óstáladh i mBaile Átha Cliath agus le comhdháil aistritheoirí liteartha a d'eagraigh Idirmhalartán Litríocht Éireann. Le cois na hoibre sin scaip siad faisnéis ag comhdhálacha ábhartha eile. Ghlac an Pointe Teaghála Cultúrtha páirt i gcomhdháil sa Bhruiséil dar teideal Intercultural Ireland a d'eagraigh Buanionadaíocht na hÉireann ar an AE chun cásanna staidéir idirchultúrtha laistigh de shainordú na Roinne Ealaón, Spórt agus Turasóireachta a chur i láthair.

Lean Pointe Teaghála Cultúrtha ag scaipeadh an scéil faoi mhaoiniú cultúrtha an AE agus faoi bheartais agus líonraí bainteacha. Rinne siad é sin trí ríomh-nuachtaltrí mhíosúil na Comhairle Ealaón. Bhí seirbhís teileafóin agus ríomhphoist acu agus reáchtaladh a lán cruinnithe faoi bheartas an AE agus faoin maoiniú a chuireann siad ar fáil i gcomhair cursáil cultúir, agus faoi conas is fearr comhoibriú trasnáisiúnta a fhorbairt. Chuir an Pointe Teaghála Cultúrtha faisnéis chúlra agus bheartais ar fáil do thoscaireacht na hÉireann ar Ghrúpa Oibre Soghluaisceachta an AE. Lena chois sin sholáthraigh sé eolas i gcomhair dhá mhórstaidéar Eorpacha faoi acmhainní agus seirbhísí faisnéise a bhaineann le soghluaisceachta cultúrtha ealaíontóiri.

Cuireadh leagan Gaeilge ar fáil den bhróisiúr bolscaireachta faoi Chlár Cultúrtha an AE in 2008 mar aon le Treoir do Clár Cultúrtha iomlán an AE.

Festivals and Events / Féilte agus Imeachtaí

The 17 major multi-disciplinary festivals funded by the Arts Council throughout the country presented audiences in 2008 with imaginative and daring programmes that foster awareness and critical engagement with the arts. Highlights of the festival circuit included the Philip Glass Ensemble and performances by Fabulous Beast at the Galway Arts Festival; and Belarus Free Theatre and the European Baroque Orchestra at the Kilkenny Arts Festival.

The range of programming at festivals indicated a growing zest for national and international work that resonates at a local level. Cork Midsummer Festival presented a challenging programme; Earagail and Junction festivals, which have a particular emphasis on participatory programming, ignited local and national interest.

The continued growth of the Small Festivals Scheme confirmed the need for and benefits of this funding strand. In 2008, the Arts Council supported 177 festivals covering a vast regional base and an ever-broader range of programming: Birr Vintage Week and Arts Festival, for example, developed a very enlightened visual arts programme; a similarly exciting programme is being developed in Askeaton.

Spectacle and street arts are an important element in festivals. Significant events in 2008 included a professional training programme conceived by Spraoi in addition to the annual extravaganza on the streets of Waterford. Inishowen Carnival Group and Buí Bolg continue to make exciting work and develop an international profile.

Chuir an an Chomhairle Ealaón maoiniú ar fáil do 17 mórfhéile ildisciplíneacha ar fud na tíre, agus chuir siad sin cláir shamhláocha dána a spreag feasacht agus compháirteachas criticiúil leis na healaíona os comhair a lucht féachana. Ar bhuaicphointí na bhféilte bhí Ensemble Philip Glass agus na léirithe a rinne Fabulous Beast ag Féile Ealaón na Gaillimhe; agus Saorthéatar na Bealarúise agus Ceolfoireann Barócach na hEorpa ag Féile Ealaón Chill Chainnigh.

Léirionn an réimse clár a bhí ag na féilte an spéis atá á chur ag lucht éisteachta áitiúla i saothair náisiúnta agus idirnáisiúnta a théann i gcion orthu. Bhí clár dúshlánach ag Féile Lársamhraidh Chorcaí; Leag féilte Earagail agus Junction béim faoi leith ar chlár rannpháirtíochta agus spreag siad spéis áitiúil agus náisiúnta.

Léirigh an fás atá ag teacht i gcónaí ar Scéim na bhFéilte Beaga gur gá maoiniú a chur ar fáil don obair sin agus an taibhe a bhaineann léi. Thug an Chomhairle Ealaón tacailocht in 2008 do 177 féile a chlúdaigh ceantar ollmhór réigiúnach agus tá an réimse clár ag éirí níos leithne in aghaidh na bliana. D'fhorbair Féile Ealaón & Seachtain Seanré Bhiorra clár an-léargasach físealaíne, mar shampla agus tá clár spreagúil cosúil léi á fhorbairt in Eas Géitine.

Gné thábhachtach de na féilte is iad seónna agus ealaíona sráide. I measc na n-imeachtaí suntasacha a bhí ar siúl in 2008 bhí clár oiliúna gairmiúil a cheap Spraoi agus an séó mór bliantúil ar shráideanna Phort Láirge. Lean an Inishowen Carnival Group agus Buí Bolg ag soláthar obair spreagúil agus tá cáil idirnáisiúnta á bhaint amach acu.

International Arts / Na hEalaíona Idirnáisiúnta

In keeping with the Art's Council's policy to support mobility, training and other professional development opportunities for artists through international travel, 483 Travel and Training Awards totalling €838,952 were awarded in 2008.

The Arts Council offered two international residencies: the Location One Fellowship and the Banff Residency. The first of these is a 10-month residency at the Location One centre in New York City. This centre is devoted to the convergence between visual, performing and digital arts, and to innovation in creative practice, forms of expression and spectator awareness. In 2008 the fellowship was awarded to Nina Canell, whose work seeks ways to address sculpture as a restless form with fleeting properties. The Location One Fellowship is jointly administered with the Irish American Cultural Institute. The Banff Residency enabled artist Vanessa O'Reilly to spend 10 weeks at the Banff Centre, an international artists' retreat in Alberta, Canada. This rich multidisciplinary environment gives artists an opportunity to observe developments in their chosen field of practice, pursue the unfolding of their artistic vocation, experiment, create, and exchange knowledge, ideas and solutions with their peers.

Ireland's participation in the 11th International Architecture Exhibition in Venice was funded primarily by Culture Ireland and the Arts Council. The nine pieces in the Irish pavilion, entitled *The Lives of Spaces*, explored the central role of space in our society, how it frames and structures the patterns and practices of our collective life. The exhibition involved many new collaborations and experiments, opening up new ways of envisaging, designing and understanding space. The Irish participants were: Grainne Hassett; Gerry Cahill; O'Donnell + Tuomey; Patrick Lynch and Simon Walker; McCullough Mulvin; Dara McGrath; De Paor Architects; Cian Deegan and Alice Casey; and Grafton Architects. The exhibition was co-commissioned and co-curated by Nathalie Weadick, Director of the Irish Architecture Foundation, and Professor Hugh Campbell of University College Dublin.

Bronnadh 483 Dámhachtain Taistil agus Oiliúna arbh fhiú €838,952 iad in 2008. Bhí sé sin ar aon dul le beartas na Comhairle Ealaíon tacú le soghluaisteacht, oiliúint agus le deiseanna forbartha gairmiúla a chruthú d'ealaíontóirí trí thaisteal thar lear.

Thairg an Chomhairle Ealaíon dhá chónaitheacht idirnáisiúnta: Comháltacht Location One agus Cónaitheacht Banff. Is cónaitheacht 10 mí ag an ionad Location One i gCathair Nua Eabhrac an chéad cheann díobh seo. Tá an t-ionad ealaíon sin dírithe ar na hamharcealaíona, na taibhealaíona agus na healaíona digiteacha a chumasc, agus ar nuálaíocht i réimsí den chleachtais cruthaitheach, d'fhoirmeacha léirithe agus d'fheasacht an lucht féachana. Dámhadh an Chomháltacht ar Nina Canell in 2008. Bíonn Nina ag lorg bealaí ina chuid oibre chun aghaidh a thabhairt ar dhealbhóireacht mar fhoirm neamhbhuan a bhfuil a tréithe ag imeacht leo. Déantar Comháltacht Location One a riad in bpáirt leis an Institiúid Chultúrtha Ghaeil-Mheiriceánach. Chuir Cónaitheacht Banff ar chumas an ealaíontóra Vanessa O'Reilly 10 seachtaine a chaitheamh in Ionad Banff. Tearmann ealaíontóirí idirnáisiúnta é sin in Alberta, Ceanada. Tugann an timpeallacht shaibhir ildisciplíneach sin deis d'ealaíontóirí féachaint ar fhobairt sa réimse cleachtais atá roghnaithe acu, leanúint le forbairt a ngairmeacha ealaíne féin, agus eolas, smaointe agus réitigh a thriail, a chruthú agus a mhalartú lena gcomhealaíontóirí.

Ghlac Éire páirt san 11ú Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis agus ba iad an Chomhairle Ealaíon agus Cultúr Éireann a chuir an chuid ba mhó den mhaoiniú ar fáil chuige. The Lives of Spaces ab ainm don naoi bpíosa a bhí ar taispeáint i bPailliún na hÉireann agus rinne siad iniúchadh ar an ról lárnach atá ag spásanna inár sochaí agus an chaoi a gcuireann siad frámaí agus struchtúir i bhfeidhm ar na patrún agus ar na cleachtais a bhíonn againn trí chéile. Tá go leor saothar comhoibrithe agus turgnamh nua sa taispeántas, a chuir i láthair bealaí nua le spás a shamhlú, a dhearadh agus a thuiscint. Ba iad seo a leanas rannpháirtithe na hÉireann: Gráinne Hassett; Gerry Cahill; O'Donnell + Tuomey; Patrick Lynch agus Simon Walker; McCullough Mulvin; Dara McGrath; De Paor Architects; Cian Deegan agus Alice Casey; agus Grafton Architects. Ba í Nathalie Weadick, Stiúrthóir Fhoras Ailtireachta na hÉireann agus an tOllamh Hugh Campbell ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, a rinne comhchoimisiúnú agus comhchoimeádaíocht ar an taispeántas.

Local Arts / Ealaíona Áitiúla

Significantly for local arts, 2008 was the first full year in which each of the 34 local authorities in Ireland had an established arts office or arts service. Despite the inevitable impact of the economic downturn, local authorities delivered high-quality strategic interventions across a range of artforms and arts practices. Key infrastructural developments included the completion in Carlow of an arts complex housing VISUAL Centre for Contemporary Art and the George Bernard Shaw Theatre. South Dublin County Council's RED/RUA -- a unique multi-purpose production and presentation facility in Tallaght – was also finished in 2008.

City and town authorities increasingly embraced cultural planning; Limerick and Sligo conducted interesting work in this regard. Work in underdeveloped, mainly rural, areas included support for an emerging dance company in Offaly and innovative application of arts practices across other local authority areas, such as architecture and social housing, in Co. Roscommon.

Leitrim County Council's arts officer, Caoimhín Corrigan, was appointed Irish Commissioner for the Venice Biennale for visual arts in 2009. Corrigan's success in creating connections between artists at local and international level laid some of the ground for this development.

Supported through the Local Arts Partnership Scheme, Wexford and Sligo local authorities initiated a project with St Patrick's College Drumcondra to look at music provision by local authority arts services throughout the country. Other projects funded under this scheme in 2008 included a collaboration between Mayo and South Tipperary county councils and the Irish Museum of Modern Art to reinterpret works from their respective collections in tactile form.

Ealaín na Gaeltachta, the Arts Council's partnership with Údarás na Gaeltachta, marked its tenth birthday in 2008 with a ceiliúradh in Connemara that showcased the range of artistic work developed since its inception. The weekend of celebration included a seminar highlighting how this strategic programme has underpinned the growth and development of the arts in the Gaeltacht.

Díol suntais ó thaobh na n-ealaón áitiúil ab ea gurbh í 2008 an chéad bliain a raibh oifig ealaíon nó seirbhís ealaíon ag gach ceann de na húdaráis áitiúla in Éirinn. Ní raibh aon éalú ó thionchar an lag trá eacnamaíochta ach in ainneoin sin is uile d'éirigh leis na húdaráis áitiúla idirghabhálacha straitéiseacha ardcháilíochta a sholáthar maidir le réimse foirmeacha agus cleachtas ealaíne. Ar na príomhfhorbairtí bonneagair a cuireadh i gcrích, críochnaíodh coimpléasc ealaíon i gCeatharlach le haghaidh VISUAL - ionad um Ealaín Chomhaimseartha agus Amharclann George Bernard Shaw. Críochnaíodh RED/RUA freisin in 2008. Áis uathúil ilchuspóireach léirithe agus láithrithe é seo de chuid Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas i dTamlacht.

Tá údaráis cathrach agus bailte ag cur níos mó fáilte i gcónaí roimh phleanáil cultúrtha. Rinneadh obair spéisiúil chuige sin i Luimneach agus i Sligeach. I measc na hoibre a rinneadh in áiteanna neamhfhorbartha, go mór mór in áiteanna faoin tuath, tugadh tacaíocht do chompántas damhsa atá ag teacht chun cinn in Uíbh Fhailí agus cuireadh cleachtas nuálaíoch ealaíon i bhfeidhm i limistéir údarás áitiúil. Sampla den chleachtas sin is ea ailtireacht agus tithíocht shóisialta i gContae Ros Comáin.

Ceapadh oifigeach ealaíon Chomhairle Contae Liatroma, Caoimhín Corrigan, ina Choimisinéir Éireannach do na físealaíona i gcomhair Biennale na Veinéise in 2009. Bhí an-rath ar Chaoimhín ag cruthú nasc idir ealaíontóirí ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal idirnáisiúnta, agus bhí sé sin mar a bheadh bunsraith don forbairt sin.

Fuair údaráis áitiúla Loch Garman agus Shligigh tacaíocht ón Scéim Áitiúil do Chompháirtíochtaí sna hEalaíona agus chuir siad tionscadal ar siúl i gcomhar le Coláiste Pádraig, Droim Conrach, chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann seirbhísí ealaíon na n-údarás áitiúil ar fud na tíre freastal ar an gceol. I measc na dtionscadal ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh faoin scéim sin in 2008 bhí comhoibriú idir Comhairlí Contae Mhaigh Eo agus Thiobraid Árann Theas agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann chun athléiriú i bhfoirm tadhlaill a dhéanamh ar na saothair atá acu ina mbailiúcháin.

Is éard atá in Ealaín na Gaeltachta ná compháirtíocht idir an Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta agus rinne siad comóradh ar dheich mbliana a bunaithe le ceiliúradh i gConamara inar léiríodh an réimse obair ealaíon a forbraiodh ó bunaíodh é. Lean an ceiliúradh ar aghaidh ar feadh deireadh seachtaine agus léirigh sé an chaoi a chuir an clár seo bunsraith ar fáil d'fhás agus d'fhorbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht.



Venues / Ionaid Tionól

Recent years have seen the establishment of a nationwide infrastructure of arts centres, and of formal and informal networks to assist with programming and sharing resources. Among these, Nasc and Nomad's work in 2008 demonstrated notable expertise and relationships.

In Cork, the Everyman Palace Theatre was refurbished, while Sirius Arts Centre was awarded capital funding to strengthen its residency programme – one result of which was Michelle Sank's photographic commission. West Cork Arts Centre embarked on a project to build a new home in Skibbereen, and initiated a BA in Visual Arts on Sherkin Island in conjunction with Dublin City University. Wexford Arts Centre completed its new theatre and gallery spaces, while Ballina Arts Centre secured funding for a performance space in its new building. Triskel Arts Centre marked its thirtieth birthday with a reunion of the band Scullion. Axis arts centre in Ballymun established itself as a performance venue for commissioned work and Irish language theatre.

Tall Tales Theatre Company took up residence in Solstice Arts Centre in Navan, while Donal O'Kelly and Sorcha Fox adopted the Glens Centre in Manorhamilton as a base for new work, along with Jinx Lennon and Kila who took advantage of the centre's recording facilities. Legitimate Bodies Dance Company was invited to work from Birr Theatre and Arts Centre, while Excel Arts and Cultural Centre in Tipperary established a dance residency. The National Folk Theatre in Siamsa Tíre premiered its collaboration with the Printz Dance Project in San Francisco. Another trend in 2008 was involving practitioners as curators: Caoimhín Ó Raghdhaigh curated a traditional concert series in the Mermaid Arts Centre, for example.

Children's festivals and events are a vibrant addition to the annual programme of many centres, including Spréacha in Draíocht Arts Centre, Blanchardstown; Sprog in Garter Lane Arts Centre, Waterford; and Lollipops in Roscommon Arts Centre.

Bunaíodh bonneagar ionad ealaón ar fud na tíre le blianta beaga anuas agus ceapadh lónraí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le cabhrú chun cláir a cheapadh agus acmhainní a roinnt. Ina measc sin, léirigh obair Nasc agus Nomad in 2008 an-saineolas agus caidreamh suntasach.

Rinneadh athchóiriú ar Everyman Palace Theatre i gCorcaigh, agus tugadh maoiniú caipitiúil don Ionad Ealaón Sirius chun a chlár cónaitheach a neartú. Toradh amháin a bhí ar an gclár sin ná coimisiún grianghrafnadóireachta Michelle Sank. Chuir Ionad Ealaón larthar Chorcaí túis le tionscadal chun bunáit nua a thógáil dóibh féin sa Sciobairín, agus chuir siad túis le clár BA sna Físealáona ar Inis Earcáin i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Chuir Ionad Ealaón Loch Garman bailchríoch ar a spásanna téatair agus gailearaí agus fuair Ionad Ealaón Bhéal an Átha maoiniú i gcomhair spás taibhithe ina fhoirgneamh nua. Rinne Ionad Ealaón Triskel ceiliúradh ar dheich mbliana fichead ar an bhfód leis an mbanna ceoil Scullion a thabhairt le chéile arís. Chruthaigh Ionad Ealaón Axis i mBaile Munna gur ionad taibhithe é i gcomhair obair choimisiúnaithe agus téatar na Gaeilge.

Chuir an Tall Tales Theatre Company fúthu san Solstice Arts Centre san Uaimh. Roghnaigh Donal O'Kelly agus Sorcha Fox an Glens Centre sa Chluainín mar bhunáit i gcomhair obair nua. Roghnaigh Jinx Lennon agus Kila an t-ionad freisin de bharr na n-áiseanna taifeadta atá ar fáil ann. Tugadh cuireadh don Legitimate Bodies Dance Company Amhardann agus Ionad Ealaón Bhiorra a bheith mar bhunáit acu agus bhunaigh an Excel Arts and Cultural Centre i dTiobraid Árann cónaitheacht damhsa. Rinne Siamsa Tíre, Daontéatar Náisiúnta na hÉireann, a chéad léiriú i gcomhair leis an Printz Dance Project i San Francisco. Treocht eile a bhí ann in 2008 cleachtóirí a bheith ina gcoimeádaithe. Bhí Caoimhín Ó Raghdhaigh i mbun coimeádaíochta, mar shampla, ar shraith ceolchoirmeacha traidisiúnta san Mermaid Arts Centre.

Cuid spreagúil nua de na cláir ina lán ionad is ea féilte agus imeachtaí daoine óga. Ina measc sin bhí Spréacha in ionad Ealaón Draíocht i mBaile Bhlainséir; Sprog in ionad Ealaón Lána Gairtéir, Port Láirge; agus Lollipops in ionad Ealaón Ros Comáin.



Young People, Children and Education / Daoine Óga, Páistí agus Oideachas

In 2008, the Arts Council funded 23 arts organisations that work exclusively to extend opportunities for young people and children to create, participate in and respond critically to the arts. In addition, over 100 venues, festivals, local arts offices and production companies providing programmes for young people were supported.

Among the awards for projects and commissions, highlights in youth arts included *Leaving Ballymun*, Daragh O' Toole's orchestral and choral composition created with and performed by young people and their communities in Dublin, and *Hanging Out*, a collaboration between Galway Community Circus and Fidget Feet that led to an original aerial performance telling the story of teenagers in Galway.

The Young Ensembles Scheme supported 19 projects across a range of artforms including circus, dance, film, theatre and visual arts. The scheme specifically invited young people to evaluate the projects and provide feedback to the Arts Council.

The National Youth Council of Ireland made intercultural youth arts the focus of its annual youth arts magazine and held a conference on this subject to mark European Year of Intercultural Dialogue. The Ark and Children's Books Ireland convened a seminar on consulting with young people in artistic policy and practice. The Rainbow's Gold project, a partnership of theatre professionals and stakeholders in early childcare provision, received funding to document and develop its expertise with input from La Baracca (Italy), a company specialising in theatre for very young audiences. Music Network completed an evaluation of the Pilot Music Education Partnerships in Donegal and Dublin.

By the end of the year, 195 organisations funded by the Arts Council had child protection policies in place, in compliance with *Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children* and the Arts Council's *Guidelines for the Protection and Welfare of Children and Young People in the Arts Sector*. 'Keeping Safe' child protection training was provided to 26 individual organisations; to participants in Music Network's Professional Development Programme; and to visual arts students taking part in Create's Learning Development Programme.

Chuir an Chomhairle Ealaón maoiniú ar fáil in 2008 do 23 eagraíocht ealaón a oibríonn go heisiach chun deiseanna a chur ar fáil ionas go bhféadfaidh daoine óga ealaíona a chruthú, páirt a ghlacadh iontu agus freagra criticiúil a thabhairt orthu. Lena chois sin tugadh tacaíocht do bheiris agus 100 ionad, féile, oifig áitiúil ealaíon agus compántas léirithe a chuireann cláir ar fáil do dhaoine óga.

Ar na buaicphointí a bhí ann maidir le dámhachtainí i gcomhair tionscadal agus coimisiúnaithe ealaíon daoine óga bhí *Leaving Ballymun* agus *Hanging Out*. Cumadóireacht chóiriúil agus cheolffoirne le Daragh O'Toole ab ea *Leaving Ballymun* a cruthaíodh i gcomhar le daoine óga agus lena bpobail i mBaile Átha Cliath agus a léiríodh leo. Comhoibriú idir Galway Community Circus agus Fidget Feet ab ea *Hanging Out* agus bhí taibhiú uathúil thusas san aer ag insint scéal déagóirí i nGaillimh mar thoradh air.

Thacaigh Scéim Ensembles na nÓg le 19 tionscadal thar réimse foirmeacha ealaíne lena n-áirítear sorcas, damhsa, scannán, téatar agus fisealaíona. Thug an scéim cuireadh sonrach do dhaoine óga na tionscadail a mheas agus aiseolas a thabhairt don Chomhairle Ealaón.

Dhírigh Comhairle Náisiúnta na nÓg ar ealaíona idirchultúrtha na hóige ina hiris bhliantúil faoi ealaíona na n-óg, agus reáchtáil siad comhdháil faoin ábhar mar chuid de Bliaín Eorpach an Chomhphlé Idirchultúrtha. Reáchtáil The Ark agus Children's Books Ireland seimineár maidir le dhul i gcomhairle le daoine óga faoi bheartas agus faoi chleachtas ealaíonta. Comhpháirtíocht idir gairmithe amharclainne agus páirtithe leasmhara i soláthar luathchúram leanaí is ea an tionscadal Rainbow's Gold, agus tugadh maoiniú dóibh le taifead a dhéanamh ar an saintaith atá acu agus í a fhorbairt tuilleadh agus cabhróidh La Baraccaleo leo. Is Compántas lodálach í sin a dhíríonn ar théatar le haghaidh lucht féachana an-óg. Chríochnaigh Music Network measún ar na Comhpháirtíochtaí Píolótacha Oideachais Cheoil i nDún na nGall agus i mBaile Átha Cliath.

Bhí beartais um chosaint leanaí i bhfeidhm roimh dheireadh na bliana ag 195 de na heagráiochtaí a fuair maoiniú ón gComhairle Ealaón. Shásaih na beartais sin moltaí *Tús Áite do Leanaí: Treoirlinnte Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí agus Treoirlinnte um Chosaint agus Leas Leanaí agus Daoine Óga in Earnáil na nEalaíon* a d'eisigh an Chomhairle Ealaón. Cuireadh clár oilíuna um chosaint leanaí Keeping Safe (Ag Fanacht Slán) ar fáil do 26 eagraíocht faoi leith; do ranpháirtithe sa Chlár um Fhorbairt Ghairmiúil Music Network agus do mhic léinn fisealaíón atá ag glacadh páirte i gClár Forbartha Foghlama Create.

Financial Statements
31 December 2008

Ráitis Airgeadais
31 Nollaig 2008

Statement of Responsibilities of an Chomhairle Ealaón / Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Comhairle Ealaón


Statement of Responsibilities of an Chomhairle Ealaón

The Arts Act, 2003, requires An Chomhairle Ealaón (hereafter referred to as 'the Arts Council') to keep accounts in such form as the Minister (for Arts, Sport and Tourism) may with the consent of the Minister for Finance, from time to time direct. In keeping such accounts and preparing financial statements, the Arts Council is required:


- to select suitable accounting policies and then apply them consistently
- to make judgements and estimates that are reasonable and prudent
- to prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Arts Council should continue in operation
- to state whether applicable accounting standards have been followed subject to any material departures disclosed and explained in the financial statements.

The Arts Council is responsible for keeping proper books of account which disclose with reasonable accuracy at any time its financial position and which enable it to ensure that the financial statements comply with Section 25 of the Act.

The Arts Council also is responsible for safeguarding its assets and for taking reasonable steps to prevent and detect fraud and other irregularities.



Pat Moylan, Chairman



Maurice Foley, Council Member

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Comhairle Ealaón

Éilíonn an tAcht Ealaón, 2003, ar an gComhairle Ealaón (ar a ghairfear feasta 'an Chomhairle Ealaón') cuntas a choimeád ar shíl arna ordú ag an Aire (Ealaón, Spóirt agus Turasóireachta), le toiliú an Aire Airgeadais, ó am go ham. Agus cuntas den sórt sin á gcoimeád agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, iarrtar ar an gComhairle:

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin murar bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaí ar aghaidh le feidhmiú na Comhairle Ealaón
- dearbhú más amhlaidh gur cloíodh le caighdeán infheidehmithe chuntasaíochta faoi réir aon athruithe ábhartha a noctar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntas chuí a choimeád a noctann go réasúnta cruinn ag aon am a staid airgeadais agus a chuireann ar a cumas a chinntíú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 25 den Acht.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as a cuid sócmhainní a chosaint agus as gach beart réasúnta a ghlaicadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



Pat Moylan, Cathaoirleach



Maurice Foley, Ball den Chomhairle

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas / Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtas

I have audited the financial statements of An Chomhairle Ealaón for the year ended 31 December 2008 under the Arts Act, 2003.

The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the Statement of Accounting Policies, the Income and Expenditure Account, the Balance Sheet, the Statement of Total Recognised Gains and Losses, the Cash Flow Statement and the related notes.

Respective Responsibilities of the Council and the Comptroller and Auditor General

An Chomhairle Ealaón is responsible for preparing the financial statements in accordance with the Arts Act, 2003, and for ensuring the regularity of transactions.

An Chomhairle Ealaón prepares the financial statements in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland. The accounting responsibilities of the Members of the Council are set out in the Statement of Responsibilities of An Chomhairle Ealaón.

My responsibility is to audit the financial statements in accordance with relevant legal and regulatory requirements and International Standards on Auditing (UK and Ireland).

I report my opinion as to whether the financial statements give a true and fair view, in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland. I also report whether in my opinion proper books of account have been kept. In addition, I state whether the financial statements are in agreement with the books of account.

I report any material instance where moneys have not been applied for the purposes intended or where the transactions do not conform to the authorities governing them.

I also report if I have not obtained all the information and explanations necessary for the purposes of my audit.

I review whether the Statement on Internal Financial Control reflects the Council's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies and report any material instance where it does not do so, or if the statement is misleading or inconsistent

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Ealaón don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 faoi Acht Ealaón, 2003.

Airítear leis na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais cuntasáiochta atá leagtha síos inti, Ráiteas na mBeartas Cuntasáiochta, an Cuntas loncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Iomlán Aitheanta, an Ráiteas Sreafa Airgid agus na nótaí lena mbaineann.

Dualgais na Comhairle agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Chomhairle Ealaón freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an Acht Ealaón, 2003, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntí. Ullmháonn an Chomhairle Ealaón na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasáiochta a nGlahtar Leis go Ginearálta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasáiochta Bhaill na Comhairle leagtha síos sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Comhairle Ealaón.

Is í an fhreagracht atá ormsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh i gcomhréir leis na riachtanais dlíthiúla agus rialála ábhartha agus leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire).

Tuairiscím cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, faoi réir an Chleachtais Chuntasáiochta a nGlahtar Leis go Ginearálta in Éirinn i mo thuairim nó nach dtugann. Tuairiscím freisin cibé ar coinníodh leabhair chuntais chuí i mo thuairim nó nár coinníodh. Chomh maith leis sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag aontú leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím aon chás ábhartha nuair nár caitheadh airgead chun na críocha a bhí ceaptha dó nó nach bhfuil na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin más rud é nach bhfuair mé an fhasnéis agus na mínithe go léir a bhfuil gá leo chun críche m'iniúchóireachta.

Déanaim iniúchadh freisin cibé an léiríonn an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais go gcloíonn an Chomhairle leis an gCód Cleachtais um Rialachas Eagraíochtaí Stáit agus tuairiscím aon chás ábhartha nuair nach ndéanann sí é sin, nó má tá aon ráiteas

with other information of which I am aware from my audit of the financial statements. I am not required to consider whether the Statement on Internal Financial Control covers all financial risks and controls, or to form an opinion on the effectiveness of the risk and control procedures.

I read other information contained in the Annual Report, and consider whether it is consistent with the audited financial statements. I consider the implications for my report if I become aware of any apparent misstatements or material inconsistencies with the financial statements.

Basis of Audit Opinion

In the exercise of my function as Comptroller and Auditor General, I conducted my audit of the financial statements in accordance with International Standards on Auditing (UK and Ireland) issued by the Auditing Practices Board and by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. An audit includes examination, on a test basis, of evidence relevant to the amounts and disclosures and regularity of the financial transactions included in the financial statements. It also includes an assessment of the significant estimates and judgments made in the preparation of the financial statements, and of whether the accounting policies are appropriate to the Council's circumstances, consistently applied and adequately disclosed.

I planned and performed my audit so as to obtain all the information and explanations that I considered necessary in order to provide me with sufficient evidence to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or other irregularity or error. In forming my opinion I also evaluated the overall adequacy of the presentation of information in the financial statements.

Opinion

In my opinion, the financial statements give a true and fair view, in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, of the state of the Council's affairs at 31 December 2008 and of its income and expenditure for the year then ended.

míthreorach nó nach bhfuil ag teacht le haon fhaisnéis atá ar eolas agam de thoradh na hiniúchóireachta a rinne mé ar na ráitis airgeadais. Níl sé de dhualgas orm iniúchadh a dhéanamh ar cibé an gclúdaíonn an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais gach riosca agus rialú, ná tuairim a dhéanamh faoi éifeachtúlacht na nósanna imeachta um rialú riosca.

Léigh mé an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus déanaim tuairim an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaim measúnú ar na himpleachtaí a bheadh ann do mo thuarascáil dá dtabharfainn faoi ndeara aon mhí-ráiteas dealraitheach nó neamhsheasmhactaí ábhartha leis na ráitis airgeadais.

Bunús na Tuairime Iniúchta

Agus mé i mbun mo fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áirítear le hiniúchóireacht, ar bhonn trialach, athbhreithniú ar fhianaise atá ábhartha do na méideanna agus don noctadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a bhí san áireamh sna ráitis airgeadais. Chuimsigh sé freisin measúnú ar na meastacháin agus ar na breithíúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus an raibh na beartais chuntasáiochta oiriúnach d'imthosca na Comhairle, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar noctadh go leordhóthanach iad.

Rinne mé pleánáil ar m'iniúchóireacht agus thug mé faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe go léir a fháil a mheas mé a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise, nó neamhrialtachta nó earráide eile. Le teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar leordhóthanacht fhiorímlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

In my opinion, proper books of account have been kept by An Chomhairle Ealaón. The financial statements are in agreement with the books of account.

Other Matter

Without qualifying my opinion on the financial statements, I draw attention to the Statement on Internal Financial Control which discloses that the Council did not carry out the annual review of the effectiveness of internal financial control in the manner required by the Code of Practice for the Governance of State Bodies.



John Buckley
Comptroller and Auditor General
September 2009

Tuairim

Is í mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, i gcomhréir leis an gCleachtais Cuntasáiochta a nGlahtar Leis go Ginearálta in Éirinn ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2008 agus dá hioncam agus caiteachas sa bliaín dar críoch an dáta sin.

Is í an tuairim atá agam ná gur choinnigh an Chomhairle Ealaón leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag aontú leis na leabhair chuntais.

Ábhar Eile

Gan dochar do na tuairimí a noctú mé faoi na ráitis airgeadais, ní mór dom aird a dhíriú ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a noctann nár chuir an Chomhairle athbhreithniú i gcrích i dtaca le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha airgeadais faoi mar a éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Eagraíochtaí Stáit.



John Buckley
*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Meán Fómhair 2009*

Statement on Internal Financial Control / Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Responsibility for system of Financial Control

On behalf of the Arts Council, I acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal financial control is maintained and operated.

The system can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded and that material errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

Key Control Procedures

The Arts Council has taken steps to ensure an appropriate control environment is in place by:

- Clearly defining management responsibilities and powers
- Establishing a system of internal financial control based on a framework of regular management information and administrative procedures, including delegation and accountability.

In particular the internal financial control system includes:

- A comprehensive budgeting system with an annual budget that is reviewed and agreed by the Council members.
- Regular reviews by the Council members, the Audit Committee and the Business and Finance Committee of periodic and annual financial reports which indicate financial performance against targets.
- Establishing and enforcing extensive standard procedures and provisions under which financial assistance may be made available to projects, individuals and organisations.
- Undertaking periodic, independent, reviews of the grant process.

The Arts Council set up an Audit Committee in December 2005. Membership consists of two Council members and two external members with financial expertise, one of whom is the Chair.

Freagacht as córas an Rialaithe Airgeadais

Ar son na Comhairle Ealaón, aithním go bhfuil sé de fhreagacht orainn a chinntíú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

